C/2026/1946

30.3.2026

Réamhfhógra faoi chomhchruinniú

(Cás M.12368 — MACQUARIE GROUP / LA CAISSE / MAPLE)

Cás a d'fhéadfaí a chur faoin nós imeachta simplithe

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

(C/2026/1946)

1. An 20 Márta 2026, fuair an Coimisiún fógra maidir le comhchruinniú atá beartaithe, fógra a tugadh de bhun Airteagal 4 de Rialachán (CE) Uimh. 139/2004 ón gComhairle ([1]).

Is leis na gnóthais seo a leanas a bhaineann an fógra sin:

— MAIF 4 Investments India 2 Pte. Ltd. ('MAIF 4', Singeapór), faoi rialú deiridh Macquarie Group Limited ('Macquarie Group', an Astráil),

— CDPQ Asia III ('CDPQ Asia', Ceanada), faoi rialú deiridh Caisse de dépôt et de placement du Québec ('La Caisse', Ceanada),

— Maple Infrastructure Trust, Maple Infra InvIT Investment Manager Private Limited, agus Maple Highway Project Management Private Limited (ar a dtugtar 'Maple' le chéile, an India), faoi rialú La Caisse.

Gheobhaidh Macquarie Group agus La Caisse rialú comhpháirteach, de réir bhrí Airteagal 3(1)(b) agus 3(4) den Rialachán um Chumaisc, ar Maple.

Baintear an comhchruinniú amach trí bhíthin ceannach scaireanna agus urrús.

2. Is iad seo a leanas gníomhaíochtaí gnó na ngnóthas lena mbaineann:

— Níl aon oibríocht, sócmhainn ná ioncam ag MAIF4. Is grúpa seirbhísí airgeadais éagsúlaithe é Macquarie Group,

— Tá CDPQ Asia III dírithe ar infheistíochtaí san Áise. Is infheisteoir institiúideach fadtéarmach é La Caisse.

3. Is iad seo a leanas gníomhaíochtaí gnó an ghnóthais Maple: lamháltas bóthair san India a bheith ina sheilbh aige agus iad a oibriú trí mheáin shainchuspóireacha. Níl aon ghníomhaíocht ag Maple in LEE.

4. Tar éis réamhscrúdú a dhéanamh, is é cinneadh an Choimisiúin go bhféadfadh an t-idirbheart faoinar tugadh fógra a bheith faoi raon feidhme an Rialacháin um Chumaisc. Ach forchoimeádtar an cinneadh críochnaitheach maidir leis sin.

De bhun an Fhógra ón gCoimisiún maidir le cóireáil shimplithe le haghaidh comhchruinnithe áirithe faoi Rialachán (CE) Uimh. 139/2004 ón gComhairle maidir le comhchruinnithe a rialú idir gnóthais ([2]), ba cheart a thabhairt faoi deara go bhféadfaí an cás seo a chur faoin nós imeachta a leagtar amach san Fhógra.

5. Iarrann an Coimisiún ar thríú páirtithe leasmhara aon bharúil a bheadh acu maidir leis an gcomhchruinniú atá beartaithe a chur faoi bhráid an Choimisiúin.

Ní mór na barúlacha a bheith faighte ag an gCoimisiún tráth nach déanaí ná 10 lá tar éis dháta a fhoilsithe seo. Ba cheart an tagairt seo a leanas a lua i gcónaí:

M.12368 — MACQUARIE GROUP / LA CAISSE / MAPLE

([1]) IO L 24, 29.1.2004, lch. 1 (an 'Rialachán um Chumaisc').
([2]) IO C 160, 5.5.2023, lch. 1.

Is féidir barúlacha a sheoladh chuig an gCoimisiún le ríomhphost nó tríd an bpost. Baintear úsáid as na sonraí teagmhála seo thíos:

Seoladh Ríomhphoist: COMP-MERGER-REGISTRY@ec.europa.eu

Seoladh poist:

European Commission
Directorate-General for Competition
Merger Registry
1049 Bruxelles/Brussel
BELGIQUE/BELGIË